



Comhairle Contae  
Dhún na nGall  
Donegal County Council

**FOIRM AN FHÓGRA ATÁ LE FOILSIÚ DE BHUN  
ALT 51(3)(A) D'ACHT NA MBÓITHRE 1993  
(ARNA LEASÚ) I NDÁIL LE HIARRATAS AR  
FHORBAIRT BÓTHAIR BHEARTAITHE A CHEADÚ  
AGUS TUARASCÁIL AR MHEASÚNACHT TIONCHAIR  
TIMPEALLACHTA AGUS RÁITEAS TIONCHAIR  
NATURA A THÍOLACADH  
TIONSCADAL FEABHSÚCHÁIN BEALAÍ TOSAÍOCHTA  
TEN-T - DÚN NA NGALL**

1. Tá iarratas déanta ag Comhairle Contae Dhún na nGall ("an t-údarás bóithre") faoi alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) chuig an Choimisiún Pleanála ("an Coimisiún") ar cheadú i ndáil le forbairt bóthair bheartaithe dar teideal mar atá thuas agus ina bhfuil trí chuid, mar atá:

- Cuid 1 - N15/N13 Réigiún Uirbeach Bhaile Féich/Srath an Urláir
- Cuid 2 - N56/N13 Leitir Ceanainn go Mainistir Uí Chuinneagáin
- Cuid 3 - N14 Mainistir Uí Chuinneagáin go Leifear/An Srath Bán/Nasc A5

agus arb éard atá ann na nithe seo a leanas: -

- Thart ar 4.4km de phríomhlíne N13 Cineál 1 dé-charrbhealach
- Thart ar 30.9km de phríomhlíne N13, N14, N15 agus N56 nasc Bóthar roinnte Cineál 2
- Thart ar 3.1km de phríomhlíne Cónascaire Bóthair Phríomhlíne N15 Cineál 3 bóthar roinnte
- Thart ar 1.8km de bhóthar náisiúnta aon-charrbhealaigh ath-aifínithe
- Thart ar 40.3km de bhóthar neamhnáisiúnta aonbhealach ath-aifínithe
- Thart ar 63km d'áiseanna comhroinnte do thaisteal gníomhach do choisithe / rothair
- 7 mór-thrasnú droichead abhann lena n-áirítear Abhainn na Finne (Bealach Féich), Backlees, An Chloch Rua, Súiligh, Sruthán na Súilí, An Daoil agus Abhainn na Finne (Leifear)
- 7 n-acomhal scartha le grád
- 10 n-acomhal timpealláin ag grád
- 17 ndroichead bóthair
- 16 fho-dhroichead bóthair
- 3 dhroichead taistil ghníomhacha
- 8 mol aistrithe modal (saoráid páirceála agus comhroinnte / rothaíochta)
- Thart ar 3,700m de bhacainní torainn
- 12 thúr freastail comharthaíochta bóthair
- 12 fhobhealach do thaisteal gníomhach agus do chóiríocht.
- 9 mballa coinneála
- Thart ar 110 lintéar draenála (réise > 1.2m)
- Atreoruithe fónais lena n-áirítear atreorú agus athrú ar línte lastuas ESB 110kv atá ann cheana féin
- Córas draenála, lena n-áirítear linnte maolaithe, limistéir stórála tuilte agus easaontais;
- Oibreacha bóthair coimhdeacha amhail líneáil agus stodaí bóthair, comharthaíocht, bacainní sábháilteachta, fálú, soilsiú, duchtú: agus
- Tírdhreachú agus bearta maolaithe timpeallachta;
- chomh maith gach obair choimhdeach agus iarmhartach.

Tógfar an fhorbairt bóthair atá beartaithe taobh istigh de thoghranna Chontae Dhún na nGall: (i) Dubhais, (ii) Srath an Urláir, (iii) Conbhaigh, (iv) Leitir Móir, (v) Machaire Buí, (vi) Leitir Ceanainn (Tuath), (vii) Mainéar Uí Chuinneagáin, (viii) Cionn Chreige, (ix) Tréantach Muclach, (x) An Fhaiche Ghlas, (xi) Cluain Lao Thuaidh, agus (xii) Cluain Lao Theas.

Tá suíomh na forbartha bóthair beartaithe léirithe sa léarscáil a ghabhann leis.

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) faoi bhráid an Choimisiúin a ullmhaíodh i gcomhréir le halt 50 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) agus Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an chomhshaol arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle an 16 Aibreán 2014 maidir leis an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) fosta agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin é maidir leis an fhorbairt bóthair bheartaithe de réir Chuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

**FORM OF NOTICE TO BE PUBLISHED PURSUANT TO  
SECTION 51(3)(a) OF THE ROADS ACT 1993  
(AS AMENDED) IN RELATION TO AN APPLICATION  
FOR APPROVAL OF A PROPOSED ROAD  
DEVELOPMENT AND THE SUBMISSION OF AN  
ENVIRONMENTAL IMPACT ASSESSMENT REPORT  
AND A NATURA IMPACT STATEMENT  
TEN-T PRIORITY ROUTE IMPROVEMENT  
PROJECT - DONEGAL**

1. Donegal County Council ("the road authority") has applied under section 51(2) of the Roads Act, 1993 (as amended) to An Coimisiún Pleanála ("the Commission") for approval in relation to a proposed road development titled as above and comprising three sections, namely: -

- Section 1 - N15/N13 Ballybofey/Stranorlar Urban Region
- Section 2 - N56/N13 Letterkenny to Manorcunningham
- Section 3 - N14 Manorcunningham to Lifford/Strabane/A5 Link

and consisting of: -

- Approximately 4.4km of mainline N13 Type 1 dual carriageway
- Approximately 30.9km of mainline N13, N14, N15 and N56 link Type 2 divided road
- Approximately 3.1km of mainline N15 Primary Road Connector Type 3 divided road
- Approximately 1.8km of realigned single carriageway national road
- Approximately 40.3km of realigned single carriageway non-national road
- Approximately 63km of shared pedestrian / cycle active travel facilities
- 7 major river bridge crossings including the Finn (Ballybofey), Backlees, Cloughroe, Swilly, Swilly Burn, Deelee and Finn (Lifford)
- 7 grade-separated junctions
- 10 at-grade roundabout junctions
- 17 road overbridges
- 16 road underbridges
- 3 active travel bridges
- 8 modal shift hubs (park and share / cycle facility)
- Approximately 3,700m of Noise barriers
- 12 road signage gantries
- 12 active travel and accommodation underpasses
- 9 retaining walls
- Approximately 110 drainage culverts (> 1.2m span)
- Utility diversions including diversion and alteration of existing ESB 110kv overhead lines
- Drainage system, including attenuation ponds, flood storage areas and outfalls;
- Ancillary roadworks such as lining and road studs, signage, safety barriers, fencing, lighting, ducting; and
- Landscaping and environmental mitigation measures;
- together with all ancillary and consequential works.

The proposed road development will be constructed within the County Donegal electoral divisions of (i) Dooish, (ii) Stranorlar, (iii) Convoy, (iv) Lettermore, (v) Magheraboy, (vi) Letterkenny Rural, (vii) Manorcunningham, (viii) Kinraigy, (ix) Treantaghmucklagh, (x) Feddyglass, (xi) Clonleugh North, and (xii) Clonleugh South.

The location of the proposed road development is illustrated in the accompanying map.

Donegal County Council has submitted to the Commission the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) prepared in accordance with section 50 of the Roads Act, 1993 (as amended) and Directive 2011/92/EU of the European Parliament and of the Council of 13 December 2011 on the assessment of the effects of certain public and private projects on the environment as amended by Directive 2014/52/EU of the European Parliament and of the Council of 16 April 2014 in respect of the proposed road development.

A Natura Impact Statement (NIS) has also been prepared and has been submitted to the Commission in respect of the proposed road development in accordance with Part XAB of the Planning and Development Act 2000 (as amended).



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall  
Donegal County Council**

2. Féadfar cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a iniúchadh sna háiteanna atá liostaithe thíos ar laethanta oibre le linn gnáthuaireanta oibre ag gach ionad ó 15 Bealtaine 2026 go 10 Iúil 2026.
- Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, F93 Y622
  - Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionad Seirbhísí Poiblí, Leitir Ceanainn, F92 TNY3
  - Leabharlann Phobail na Nascbhailte, Ionad Fiontraíochta na Bunáite, Srath an Urláir, F93 VAK6
  - Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionad Seirbhísí Poiblí, Baile Dhún na nGall, F94 DK6C
  - Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionad Seirbhísí Poiblí, An Clochán Liath, F94 H4CF
  - Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionad Seirbhísí Poiblí, Carn Domhnach, F93 YVIN
  - Oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902
3. Is féidir cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) (nó cuid di) agus/nó den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a cheannach ó Chomhairle Contae Dhún na nGall ón **15 Bealtaine 2026 go 10 Iúil 2026**, ar an táille seo a leanas a íoc:

Mír	Teideal	Táille	Leictreonach (USB)
1	Achoimre Neamhtheicniúil EIAR	€15	€10 (don tsraith iomlán doiciméad)
2	Príomhthéacs EIAR	€150	
3	Líníochtaí EIAR	€200	
4	Aguisíní Teicniúla EIAR	€150	
5	Príomhthuarascáil NIS	€90	

Is féidir an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) chomh maith le cáipéisí eile a bhaineann leis an iarratas a iniúchadh agus a íoslódáil saor in aisce ar an tsuíomh gréasáin: [www.donegal-ten-t.ie/](http://www.donegal-ten-t.ie/)

4. Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht i dTuaisceart Éireann.
5. Féadfar aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an Choimisiún (féach thíos), i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht;
  - na himpleachtaí a bhaineann leis an fhorbairt bóthair atá beartaithe maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe sa cheantar ina bhfuil sé beartaithe an fhorbairt bóthair bheartaithe a shuíomh; agus
  - na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar shuíomh Eorpach

roimh **5.30pm ar 10 Iúil 2026**.

Gearrtar táille €50 as aighneacht/tuairim a dhéanamh maidir leis an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Ní bhaineann an táille seo le comhlachtaí forordaithe áirithe ná le húinéirí réadmhaoine agus le daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh atá ag agóid i gcoinne talamh a fháil go héigeantach ina bhfuil leas den tsórt sin acu i gcás fáil éigeantach.

Is féidir aighneachtaí a bhfuil táille orthu a dhéanamh tríd an phost (chuig: **An Coimisiún Pleanála ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902**), go pearsanta, agus trí thairseach aighneachtaí ar líne an Choimisiúin <https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation>

Is féidir aighneachtaí sa chás, mar atá leagtha amach thuas, nach bhfuil táille ag teastáil, a dhéanamh tríd an phost, go pearsanta agus trí ríomhphost chuig [laps@pleanala.ie](mailto:laps@pleanala.ie) Is féidir tuilleadh eolais ina leith seo a fháil ón Choimisiún Pleanála ar 01 8588100 nó ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Pleanála ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)

6. Féadfaidh an Coimisiún, i ndáil le hiarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), teacht ar chonclúid réasúnaithe faoi alt 51(5)(c) d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus a bheith deimhin leis go bhfuil an chonclúid réasúnaithe fós cothrom le dáta, féadfaidh sé, le hordú, an fhorbairt bóthair bheartaithe a cheadú, fara modhnuithe nó gan mhodhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha comhshaoil (lena n-áirítear coinníollacha maidir le bearta faireacháin), paraiméadair a ndéanfar faireachán orthu agus fad an faireacháin) a mheasann sé a bheith iomchuí, nó féadfaidh sé diúltú forbairt den tsórt sin nó aon chuid di a fhorghéas.
- Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón Choimisiún Pleanála maidir le forbairt bóthair bheartaithe a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach faoi Rialacha na nUaschúirteanna (agus go háirithe Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna atá in I.R. Uimh. 15 de 1986 arna leasú) agus de réir ailt 50, 50A agus 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

2. A copy of the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and Natura Impact Statement (NIS) may be inspected at the locations listed below on working days during normal working hours at each venue from **15th May 2026 to 10th July 2026**.
- The Offices of Donegal County Council, County House, Lifford, F93 Y622
  - The offices of Donegal County Council, Public Services Centre, Letterkenny, F92 TNY3
  - Twin Towns Community Library, The Base Enterprise Centre, Stranorlar, F93 VAK6
  - The offices of Donegal County Council, Public Services Centre, Donegal Town, F94 DK6C
  - The offices of Donegal County Council, Public Services Centre, An Clochán Liath, F94 H4CF
  - The offices of Donegal County Council, Public Services Centre, Carndonagh, F93 YVIN
  - The offices of An Coimisiún Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902
3. A copy of the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) (or part(s) thereof) and/or the Natura Impact Statement (NIS) may be purchased from Donegal County Council from the **15th May 2026 to 10th July 2026**, on payment of the following fee(s):

Item	Title	Fee	Electronic (USB)
1	EIAR Non-technical Summary	€15	€10 (for the entire suite of documents)
2	EIAR Main Text	€150	
3	EIAR Drawings	€200	
4	EIAR Technical Appendices	€150	
5	NIS	€90	

The Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and the Natura Impact Statement (NIS) as well as other documentation relating to the application may be inspected and downloaded free of charge at the website: [www.donegal-ten-t.ie/](http://www.donegal-ten-t.ie/)

4. The proposed road development is likely to have significant effects on the environment in Northern Ireland.
5. Submissions may be made in writing to the Commission (see below), in relation to:
- the likely effects on the environment of the proposed road development;
  - the implications of the proposed road development for proper planning and sustainable development in the area in which it is proposed to situate the proposed road development; and
  - the likely significant effects of the proposed road development on a European site

before **5.30pm on 10th July 2026**.

There is a €50 fee for making a submission/observation in relation to the proposed road development.

This fee does not apply to certain prescribed bodies or to property owners and others with a legal interest in land who are objecting to compulsory acquisition of land in which they have such an interest in a compulsory acquisition case.

Submissions with a fee can be made via post (to: **An Coimisiún Pleanála at 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902**), in person, and via the Commission's online submission portal <https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation>

Submissions where, as set out above, a fee is not required can be made via post, in person, and via email to [laps@pleanala.ie](mailto:laps@pleanala.ie) Further information in this regard may be obtained from An Coimisiún Pleanála on 01 8588100 or from the website of An Coimisiún Pleanála at [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)

6. The Commission, in relation to an application for approval under section 51 of the Roads Act, 1993 (as amended), having reached a reasoned conclusion under section 51(5)(c) of the Roads Act 1993 (as amended) and being satisfied that the reasoned conclusion remains up-to-date, may, by order, approve the proposed road development, with or without modifications and subject to whatever environmental conditions (including conditions regarding monitoring measures, parameters to be monitored and the duration of monitoring) it considers appropriate, or may refuse to approve such development or any part thereof.
- A person may question the validity of any decision by An Coimisiún Pleanála on a proposed road development by way of an application for judicial review under the Rules of the Superior Courts (and in particular Order 84 of the Rules of the Superior Courts contained in S.I. No. 15 of 1986 as amended) and in accordance with sections 50, 50A and 50B of the Planning and Development Act 2000 (as amended).



### Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Choimisiún Pleanála, ag 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 maidir leis an nós imeachta athbheithnithe breithiúnaigh. Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil faoin tsásra athbheithnithe faoin cheannteideal 'Fógra um Athbheithniú Breithiúnach' ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin <https://www.pleanala.ie/en-ie/judicial-review-notice> nó ar shuíomh gréasáin Fhaisnéis do Shaoránaigh ag <https://www.citizensinformation.ie/en/environment/environment-and-the-law/judicial-review-in-planning-and-environmental-matters/>

Further information can be obtained from An Coimisiún Pleanála, at 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902 in respect of the judicial review procedure. Practical information on the review mechanism can also be accessed under the heading 'Judicial Review Notice' on the Commission's website <https://www.pleanala.ie/en-ie/judicial-review-notice> or from the Citizens' Information website at <https://www.citizensinformation.ie/en/environment/environment-and-the-law/judicial-review-in-planning-and-environmental-matters/>

